7

Rialú agus Tuairisciú ar an bPlean *Tithíocht do Chách*

7 Rialú agus Tuairisciú ar an bPlean *Tithíocht do Chách*

Is Plean de chuid an Rialtais ar fad é ***Tithíocht do Chách***, a chuimsíonn réimsí iomadúla beartais ar fud na gceithre chonair chuig córas tithíochta inmharthana. Beidh dlúthchomhpháirtíocht ag teastáil ar fud an Rialtais agus fócas láidir ar chur i bhfeidhm.

Áirítear leis an bPlean seo tacar mionsonraithe Gníomhartha a leagann amach na bearta atá ag teastáil chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo spriocanna ceannlíne an Phlean, ar fud na gceithre chonair. Tá achar ama soláthair ag gach gníomh agus sanntar príomhghníomhaí dó, ag a bhfuil freagracht as a fhorfheidhmiú.

Faigheann maoirseacht ar Straitéis ***Tithíocht do Chách*** eolas ó thaithí chur chuige an rialtais sa Phlean Gníomhaíochta um Poist, ar éirigh leis. Cinntíonn sé seo forfheidmiú beartais comhaontaithe, de chuid an rialtais ar fad, ag a bhfuil ceannach isteach polaitiúil, maoirseacht agus treoir ag an leibhéal is airde, chomh maith le córas monatóireachta beacht chun soláthar a chumasú.

Áireofar le próiseas forfheidhmithe Phlean ***Tithíocht do Chách***:

- Maoirseacht pholaitiúil arna cur ar fáil ag an gCoiste Comh-aireachta um Thithíocht, agus an Taoiseach mar chathaoirleach air.
- Grúpa Seachadta d'Ard-Rúnaithe, agus Roinn an Taoisigh mar chathaoirleach air, a bheidh freagrach as gach gné den Phlean a sholáthar agus a chinnteoidh go bhfuil an rialtas ar fad rannpháirteach.
- Áireofar leis an Grúpa Seachadta d'Ard-Rúnaithe, sruthanna ainmnithe oibre, arna stiúradh ag na hArd-Rúnaithe ábhartha maidir le:
  - (i) Infheistíocht
  - (ii) Acmhainneacht tionscail
  - (iii) Soláthar seirbhíse poiblí.
- Cuirfear tuarascálacha ráithiúla ar an dul chun cinn faoi bhráid an Choiste Comh-aireachta um Thithíocht, agus an Rialtais, agus foilseofar é, ag leagan amach an fheidhmíocht i leith na gcuspóirí agus gníomhartha mar a leagtar amach sa Phlean i mbealach soiléir sothuigthe. Ullmhóidh aonad ainmnithe laistigh de Roinn an Taoisigh é seo. I measc na nuashonruithe ar dhul chun cinn seo beidh staitisticí deaise a chuirfidh forléargas trédhearcthach ar fáil maidir le méadrachtaí feidhmíochta, a chlúdaíonn gach mórghné den Phlean.
- Tacóidh Oifig Soláthair Cláir suite laistigh de RTRÁO, le forfheidhmiú an Phlean ar fud na Roinne, agus ar fud Ranna agus Gníomhaireachtaí eile, chomh maith le hÚdaráis Áitiúla agus CCTanna.

- Beidh rannpháirtíocht agus comhairliúchán leanúnach le páirtithe leasmhara agus an Plean á chur i bhfeidhm le struchtúir reatha, agus cinn nua nuair is gá.
- Beidh cumarsáid leanúnach le foireann shonrach a ainmneofar le hobair a dhéanamh air, lena n-áirítear ó Sheirbhís Eolais an Rialtais chun comhordú leanúnach ar fud gach leibhéal an Rialtais a chinntiú.
- Tá ciste forfheidhmithe de 7 milliún á chur ar bun chun cinnte a dhéanamh go bhfuil go leor áiseanna agus saineolais dhírithe ann ar fud na Ranna chun soláthar an Phlean a bhrostú.
- Déanfar na Gníomhartha sa Phlean a uasdátú ar bhonn bliantúil, lena n-áirítear sceidil agus freagrachtaí chun an móiminteam a choinneáil le linn shaolré an Phlean.

Cuspóir Beartais Tithíochta 30:

Monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhm *'Tithíocht do Chách'*, agus tuairisc a dhéanamh air

Uimh.		Sceidil	Roinn Ceannais
30.1	Aonad a chur ar bun i Roinn an Taoisigh agus é mar fhreagracht aige monatóireacht agus maoirseacht leanúnach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean	R3 2021	An Roinn Iompair
30.2	Oifig Soláthair Cláir a chur ar bun in RTRÁO chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean ar fud na roinne, na nÚdarás Áitiúil agus na CCTanna	R3 2021	RTRÁO
30.3	Sruthanna oibre ainmnithe a chur ar bun faoi Ghrúpa Soláthair *Tithíocht do Chách* maidir le (i) hinfheistíocht, (ii) acmhainneacht tionscail agus (iii) soláthar seirbhíse poiblí agus Téarmaí Tagartha a fhorbairt do gach sruth oibre	R3 2021	An Roinn Iompair, RTRÁO, Roinn Airgeadais, RFTF, RCPA
30.4	Ciste forfheidhmithe a chur ar bun chun cinnte a dhéanamh go bhfuil go leor áiseanna agus saineolais dhírithe ann ar fud na Ranna chun soláthar an Phlean a bhrostú	R4 2021	An Roinn Iompair, RCPA
30.5	Cinnte a dhéanamh go ndéantar comhairliúchán agus rannpháirteachas leanúnach le páirtithe leasmhara agus an Plean á chur i bhfeidhm	Leanúnach	Uile
30.6	Tuarascálacha ráithiúla ar an dul chun cinn a dhéanamh ag leagan amach an fheidhmíocht i leith na gcuspóirí agus gníomhartha mar a leagtar amach sa Phlean i mbealach soiléir sothuigthe	Leanúnach	An Roinn Iompair
30.7	Nuashonrú a dhéanamh ar Phlean Gníomhaíochta Tithíocht do Chách, lena n-áirítear sceidil agus freagrachtaí chun móimeantam a choinneáil maidir le soláthar agus forfheidmiú	R4 2022	RTRÁO, an Roinn Iompair